

Lá Domhanda na gCartaí Poist



Eochairfhocail: Inis Mór, ceardlann, droichead, téama

Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cá raibh an cheardlann speisialta do Lá Domhanda na gCartaí Poist ar siúl?
2. Cad a rinne na páistí ag an gceardlann?
3. Cá bhfuil Leabharlann Inis Mór suite go díreach ar an oileán, de réir Callen?
4. Cérbh é téama na bliana seo?
5. Cathain a seoladh an chéad charta poist?

Anois, an féidir leat an focal ceart a roghnú chun na habairtí seo a leanas a chríochnú.

- Bhí Lá Domhanda na gCartaí Poist ar siúl an seachtain/seachtaine/tseachtain seo.
- Rinne páistí Inis Mór/mór/Mó an lá a cheiliúradh le ceardlann i Leabharlann Inis Mór.
- Bhain na páistí ar fad an-sult as cartaí poist a dhearadh ag an ceardlann/gceardlann/ceardlainne
- Nuair a sheolann tú carta poist chuig duine léarann/léiríonn/léiríonn tú don duine sin go bhfuil tú ag smaoineamh faoi nó fúithi.
- Seoladh an chéad charta poist ar an gcéad lá de Deireadh Fómhair/nDeireadh Fómhair/Dheireadh Fómhair sa bhliain ocht déag seasca naoi.



Lá Domhanda na gCartaí Poist



Freagraí

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Leabharlann Inis mór
2. Cartaí poist a dhearadh/a scríobh/a chur sa phost
3. Cill Rónáin
4. Gur droichead é an carta poist idir beirt
5. 1 Deireadh Fómhair 1869

Anois, an féidir leat an focal ceart a roghnú chun na habairtí seo a leanas a chríochnú.

1. tseachtain
2. Inis Mór
3. gceardlann
4. Léiríonn
5. Dheireadh Fómhair

